

# TUARASCÁIL AR AN REIFREANN MAIDIR LE COLSCARADH A RIALÁIL

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

# An Brollach

Tar éis an fheachtais eolais don phobal, ní mór don Choimisiún Reifrinn a bunaíodh i ndáil le reifreann tuarascáil a réiteach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar gheall ar na feidhmeanna a rinne siad. Leagtar amach sa tuarascáil seo an cur chuige a glac an Coimisiún Reifrinn don reifreann maidir le colscaradh a rialáil agus tugtar roinnt sonraí maidir le príomhghnéithe an fheachtais eolais.

Ar an 26 Feabhra 2019, bhunaigh an tAire an Coimisiún Reifrinn maidir leis an reifreann i ndáil leis an mBille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh) 2016 lenar foráladh do reifreann maidir le colscaradh a rialáil. Reáchtáladh an reifreann ar an 24 Bealtaine 2019.

Thug seo beagán ní ba mhó ná dhá sheachtain déag don Choimisiún a fheachtas eolais don phobal a ullmhú agus a chur i gcrích, tréimhse ní b'fhaide ná mar a tugadh do roinnt Coimisiún Reifrinn roimhe seo. Mar sin féin, níor leor fós an tréimhse sin, agus d'iarraimis do ranna rialtais a dhéanfaidh urraíochta ar reifrinn sa todhchaí a bheith airdeallach gur gá go leor ama a cheadú le haghaidh feachtas éifeachtach eolais don phobal.



Tá an Coimisiún an-bhuíoch do sholáthraithe agus do chonraitheoirí as cineálacha éagsúla ábhar eolais a sholáthar dúinn laistigh de thréimhsí gearra ama. Tá an Coimisiún an-bhuíoch do chraoltóirí as an gcomhoibriú a rinne siad linn chun ár gcraolacháin saorchraolta inar míníodh togra an reifrinn a chur ar an sceideal, craolacháin a cuireadh ar fáil ar gearrfhógra go minic agus a craoladh ag buaic-amanna féachana agus éisteachta. Bíonn ról tábhachtach ag na craolacháin saorchraolta seo maidir le heolas a sholáthar, agus go háirithe chun daoine a spreagadh le vótáil ar an lá agus ba mhaith linn an tacaíocht sin a aithint agus ár mbuíochas a chur in iúl.

De bhun Alt 14(1) d'Acht an Reifrinn, 1998, cuirim tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn ar fheidhmeanna a chur i gcrích i ndáil leis an reifreann ar an mBille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht, 2016 (Scaoileadh ar Phósadh) faoi bhráid an Aire.

**An Breitheamh Onórach, Tara Burns**
Cathaoirleach - An Coimisiún Reifrinn
Lúnasa 2019

# Caibidil 1
Réamhrá

Reáchtáladh an reifreann i ndáil leis an mBille um an Ochtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Scaoileadh ar Phósadh) 2016 (lenar foráladh do reifreann maidir le colscaradh a rialáil) ar an Aoine, 24 Bealtaine 2019. Faoi Acht an Reifrinn, 1998, gach uair a bheidh reifreann le reáchtáil, féadfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, faoina lánrogha féin, Coimisiún Reifrinn a bhunú.

## Bunú an Choimisiúin Reifrinn

Ar an 26 Feabhra 2019, bhunaigh an tAire Coimisiún Reifrinn don reifreann maidir le colscaradh a rialáil. Ní mór gur iar-bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach, sa Chúirt Achomhairc nó san Ard-Chúirt nó breitheamh reatha san Ard-Chúirt a bhíonn i gCathaoirleach an Choimisiúin. An uair seo, ghlac an Breitheamh Onórach Tara Burns den Ard-Chúirt le hainmniúchán an Phríomh-Bhreithimh le bheith ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún Reifrinn.

Is comhaltaí ex officio iad comhaltaí eile an Choimisiúin. Ba iad sin:

- **Seamus McCarthy**, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- **Peter Tyndall**, an tOmbudsman
- **Peter Finnegan**, Cléireach Dháil Éireann
- **Martin Groves**, Cléireach Sheanad Éireann

De réir dlí, bronntar na cumhachtaí sin is gá nó is caoithiúil chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích ar an gCoimisiún. Caithfidh an Coimisiún Reifrinn tuairisciú don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le feidhmíocht a fheidhmeanna nach déanaí ná sé mhí tar éis lá na vótála agus díscaoiltear an Coimisiún mí amháin tar éis a thuarascáil a sheoladh isteach.

## Ról an Choimisiúin

Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin de bhun an reachta:

- ráiteas amháin nó níos mó a réiteach ina bhfuil míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar théacs an togra sa Bhille ábhartha agus aon eolas eile a bhaineann leis na ceisteanna sin a mheasann an Coimisiún a bheith cuí
- na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh ar bhealach agus trí mhodhanna lena n-áirítear teilifís, raidió agus meáin leictreonacha eile a úsáid a mheasann an Coimisiún gur mó a thabharfaidh siad an t-ábhar ar aird na dtoghthóirí agus lena chinntiú a mhéid agus is indéanta go praiticiúil go n-úsáidtear modhanna a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas radhairc nó éisteachta na ráitis lena mbaineann a léamh nó a chloisteáil
- feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vóta a chaitheamh

# Caibidil 2
# Príomhghnéithe an reifrinn

## An t-am a bhí ar fáil don Choimisiún Reifrinn


Bunaíodh an Coimisiún Reifrinn i ndáil leis an reifreann maidir le colscaradh a rialáil ar an 26 Feabhra 2019. Thug sé sin tréimhse beagán os cionn dhá sheachtain déag don Choimisiún don fheachtas eolais don phobal, tréimhse easnamhach i dtuairim an Choimisiúin. Tháinig an Coimisiún le chéile 15 uair roimh lá na vótaíochta.

## An líon daoine a vótáil

Chaith 50.8% de vótálaithe vóta sa reifreann. Bhí sin i bhfad níos ísle ná an 64.1% de vótálaithe a chaith vóta sa reifreann maidir leis an bhfoirceannadh toirchis a rialáil i mí Bealtaine 2018. Dar ndóigh, bíonn roinnt tosca ann a mbíonn tionchar acu ó thaobh líon na ndaoine a chaitheann vóta i reifrinn, ar a n-áirítear vótaíocht eile a bheith ar siúl ag an am céanna agus, sa chás seo, bhí an reifreann ar siúl an tráth céanna leis na toghcháin rialtais áitiúil agus leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

Léirítear i bhFíor 1 an inathraitheacht i líon na vótálaithe a chaith vóta sna reifrinn ó 1998, nuair a bunaíodh an chéad Choimisiún Reifrinn Tá daoine a spreagadh le vótáil ar cheann d'fheidhmeanna lárnacha an Choimisiúin Reifrinn. In aon fheachtas reifrinn, bíonn feachtas eolais an Choimisiúin ar cheann de lear mór tosca a chuireann le líon na ndaoine a chaitheann vóta. Príomhghnéithe eile a théann i bhfeidhm ar an líon daoine a vótáil is ea leibhéal na feasachta poiblí ar an togra reifrinn, cineál na bhfeachtas ar son an togra agus ina aghaidh agus an méid díospóireacht phoiblí a rinneadh faoi na saincheisteanna. Ar ndóigh bheadh an líon vótálaithe níos lú fós murach go raibh na toghcháin údaráis áitiúil agus Pharlaimint na hEorpa ar siúl ar an lá céanna.

**Fíor 1.** Inathraitheacht sa líon daoine a vótáil



# Caibidil 3
## Feachtas eolais an Choimisiúin

Dearadh feachtas eolais an Choimisiúin chun a fheidhmeanna arna leagan amach sa dlí a chomhlíonadh: feasacht faoin reifreann a chur chun cinn, daoine a spreagadh chun vóta a chaitheamh agus togra an reifrinn a mhíniú.

i **Feasacht a mhúscailt:** Bhí a fhios ag an gCoimisiún go meallfadh feachtais toghcháin ardphróifíle Pharlaimint na hEorpa agus an rialtais áitiúil aird an phobail ar an ócáid seo, agus ag an am céanna go bhféadfadh sé nach spreagfadh ábhar an reifrinn seo díospóireacht phoiblí bhríomhar. Dá bhrí sin, bhí sé thar a bheith tábhachtach feasacht ar an reifreann a mhúscailt, agus leis sin, suim a chothú san ábhar.

Mar sin, díríodh formhór na fógraíochta a chruthaigh an Coimisiún ar a chur in iúl do na vótálaithe go raibh ar an reifreann le bheith ar siúl agus go raibh sé tábhachtach vóta a chaitheamh.

ii **Vótáil a spreagadh:** Reáchtáil an Coimisiún feachtas fógraíochta ag spreagadh daoine chun clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus mura raibh siad ar an gclár, spreagadh iad le clárú roimh an spriocdháta le go mbeidís in ann vóta a chaitheamh. Bhí preasráitis i nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, agallaimh chraolta a thug Cathaoirleach an Choimisiúin, feachtas fógraíochta ar líne agus ar an raidió agus neart gníomhaíochta ar na meáin shóisialta i gceist leis seo. Is é an aidhm a bhí leis vótálaithe a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin checktheregister.ie, seiceáil an raibh siad cláraithe nó nach raibh agus dá mba ghá ansin na foirmeacha a theastaigh a íoslódáil, le clárú nó chun a gcuid sonraí a leasú.

An uair seo, thug an Cathaoirleach, an Breitheamh Onórach Tara Burns, roinnt cuairteanna ar shuíomhanna ar fud na tíre chun bualadh le vótálaithe ionchasacha, chun daoine nach raibh cláraithe cheana féin a spreagadh chun clárú, agus chun gach duine a spreagadh chun vótáil. Roghnaíodh na turais seo chun aghaidh a thabhairt ar ghrúpaí vótálaithe chun teagmháil dhíreach a chinntiú le dáilcheantair agus grúpaí áirithe faoina gceaptar go minic nach dóchúil go vótálfaidh siad. D'oibrigh an Coimisiún freisin lena chinntiú go bhfuair na cuairteanna seo clúdach sna meáin ionas go ndearnadh agus gur tuigeadh go forleathan an pointe faoi chlárú agus vótáil.

Roimh an dáta deiridh le haghaidh clárú ar an gclár vótála, labhair an Cathaoirleach chomh maith le grúpa mac léinn ag IT Leitir Ceanainn chun iad a spreagadh le clárú agus le vótáil. Chuir an ócáid seo tús le feachtas clárú-le-vótáil an Choimisiúin. Rinne an Cathaoirleach caint os comhair daltaí meánscoile ag Coláiste na Trócaire, Sligeach, labhair sí le breis agus 2,000 saoránach nua de chuid na hÉireann ag searmanais saoránachta i gCill Airne agus níos déanaí sa bhfeachtas, labhair sí le mic léinn in Ionad Litearthachta d'Aosaigh Bhaile Átha Cliath i lár Chathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Bhí clúdach suntasach sna meáin áitiúla. Ag an am céanna leis na cuairteanna seo, rinne an Cathaoirleach agallaimh le Highland Radio (Co. Dhún na nGall), Ocean FM (Co Shligigh), Radio Kerry agus Newstalk inar mhínigh sí na cúiseanna leis na cuairteanna agus an tábhacht a bhaineann leis an vótáil. Rinne na nuachtáin áitiúla sna ceantair ar tugadh cuairt orthu clúdach suntasach ar na himeachtaí seo, agus bhí trácht dearfach sna meáin air gur roghnaigh an Coimisiún imeachtaí a reáchtáil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath – rud nach ndearna sé roimhe seo – agus gur roghnaigh sé an feachtas a sheoladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath go háirithe. Le linn an fheachtais, rinne an

Cathaoirleach os cionn dosaen agallamh beo le stáisiúin réigiúnacha raidió chun togra an reifrinn a mhíniú do dhaoine agus chun daoine a spreagadh chun vótáil.

iii **An togra a mhíniú:** Is é ról an Choimisiúin Reifrinn faisnéis fhíriciúil a thabhairt maidir le reifrinn ar bhealach neodrach neamhchlaonta. Rinneamar amhlaidh i dtreoirleabhar agus ar ár láithreán gréasáin. Áiríodh ann míniúchán ar an seasamh dlí mar a bhí roimh an reifreann, an méid a bhí sa dlí maidir leis an gcolscaradh coigríche agus an tréimhse is gá a chaitheamh gan a bheith ina gcónaí le chéile sular féidir iarratas a dhéanamh ar cholscaradh i láthair na huaire, cuntas ar an athrú beartaithe ar an mbunreacht chomh maith leis an tionchar a bheadh ag vóta Tá agus an tionchar a bheadh ag vóta Níl.

Foilsíodh an t-ábhar sin i dtreoir a dáileadh ar an 2.2 milliún áit chónaithe sa Stát. Foilsíodh an treoir ar an suíomh gréasáin refcom.ie freisin, mar aon le heolas cúlra eile ar an reachtaíocht ábhartha, ar bhreithiúnais chúirte roimhe seo, agus eolas praiticiúil ar vótáil. Rinne an Cathaoirleach agus ionadaithe an Choimisiúin roinnt agallamh ar an raidió go náisiúnta agus go háitiúil chun feasacht a ardú maidir leis an reifreann, ag míniú an togra agus ag áitiú ar dhaoine vóta a chaitheamh. Reáchtáil an Coimisiún feachtas mór fógraíochta agus meán sóisialta freisin.

Agus muid ag tabhairt faoin togra a mhíniú, bhíomar feasach go raibh dhá ghné ar leith ann. Bhain an chéad ghné leis an tréimhse a gcaithfidh lánúin a bheith ina gcónaí ar leithligh óna chéile sula ndéantar iarratas ar cholscaradh, agus bhain an dara gné le haitheantas a thabhairt do cholscarthaí coigríche. Bhí sé tábhachtach dúinn an dá ghné a mhíniú, agus béim a leagan air do vótálaithe go n-iarrfaí orthu vótáil Tá ar son an dá cheann, nó vótáil Níl ar an dá cheann. Chuireamar béim ar an bpointe seo i roinnt dár bhfoilseachán agus fógraí, agus in agallaimh raidió a thug an Cathaoirleach thar ceann an Choimisiúin. I measc na bhfiosruithe a fuair an Coimisiún ón bpobal – ar an nguthán, trí ríomhphost agus trí na meáin shóisialta – ceistíodh go minic cén fáth nach raibh ach aon vóta amháin ar dhá thogra ar leithligh. Is éard a bhí i gceist leis an bhfreagairt i gcónaí míniú a thabhairt ar ról an Choimisiúin nach mbaineann le tograí reifrinn a cheapadh, ach go mbaineann sé le feasacht a mhúscailt orthu, iad a mhíniú agus daoine a spreagadh le vótáil.



## Gnéithe den fheachtas

Ba iad na príomhghnéithe cumarsáide a d'úsáid an Coimisiún chun na trí chuspóir arna leagan amach thuas a chomhlíonadh:

1. An suíomh gréasáin, refcom.ie, inar úsáideadh ábhar scríofa agus físe chun an togra a mhíniú, chun vótáil a spreagadh agus chun ábhar cuí breise a thabhairt chun cabhrú le vótálaithe an cúlra agus an comhthéacs a thuiscint.

2. Treoir dhátheangach maidir leis an reifreann a dáileadh ar 2.2 milliún áit chónaithe inar míníodh an staid mar a bhí faoi láthair, an t-athrú beartaithe, agus an tionchar a bheadh ag vóta Tá agus Níl.

3. Láithreacht ar na meáin shóisialta ar Twitter, Facebook agus Instagram inar tugadh nuacht agus eolas faoin bhfeachtas, agus inar spreagadh daoine chun an clár a sheiceáil agus vóta a chaitheamh.

4. Leaganacha den treoir reifrinn a cuireadh ar fáil i mbraille, físeán le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, leaganacha fuaime, i bhformáid mhórchló agus formáid éasca le léamh do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.

5. Feachtas fógraíochta náisiúnta ar an teilifís, ar an raidió, ar líne, sa phreas agus amuigh faoin spéir chun feasacht a ardú ar an reifreann, chun clárú toghthóirí agus vótáil a spreagadh agus chun toghthóirí a chur i dtreo an tsuímh gréasáin refcom.ie, áit a raibh tuilleadh eolais ar fáil.

6. Saorchraoltaí a chuir craoltóirí náisiúnta agus réigiúnacha ar fáil don Choimisiún, faoi mar a cheanglaítear le dlí, inar tugadh cuntas ní ba mhionsonraithe ar thogra an reifrinn.

7. Cuairteanna dea-fhógartha a thug an Cathaoirleach chun labhairt le grúpaí éagsúla vótálaithe agus daoine ag imeachtaí, a ceapadh chun béim a leagan ar thábhacht na vótála do ghrúpaí áirithe vótálaithe agus an togra a mhíniú. Chuir clúdach na meán leis an tionchar a bhí ag na cuairteanna seo.

8. Sraith agallamh a rinne an Cathaoirleach le níos mó ná dosaen stáisiún réigiúnacha raidió chun an togra a mhíniú agus chun daoine a spreagadh le vótáil. Rinneadh cuid de na hagallaimh le linn cuairte chuig an réigiún ina raibh an stáisiún suite, rinneadh cinn eile ar an nguthán. Rinne an Cathaoirleach dhá agallamh freisin ar chlár Morning Ireland ar RTÉ, an chéad cheann ag spreagadh daoine le clárú chun vótáil agus an dara ceann ag freagairt ceisteanna mionsonraithe ó éisteoirí ar thogra an reifrinn. I seachtain dheireanach an fheachtais, thug an Cathaoirleach agallamh beo ar an gclár Six One News RTÉ chun an reifreann a mhíniú agus chun vótáil a spreagadh.

9. Líne ghutháin íosghlao a oibriú trína raibh daoine in ann ceisteanna sonracha a chur agus a iarraidh go seolfaí ábhar chucu sa phost.













*Fógraíocht amuigh faoin aer*




*Fógra ar líne*




*Fógra i nuachtán áitiúil*

# Caibidil 4
# Acmhainní

## Maoiniú an Choimisiúin Reifrinn

Leithdháil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais €3 mhilliún ar an gCoimisiún le haghaidh an reifrinn.

Ba é €2.34 milliún an caiteachas foriomlán agus tá miondealú ar an gcaiteachas i bhFíor 2.

Tá an Coimisiún i dteideal ardlacáistí áirithe meán a cheannach ag eascairt as feachtas eolais an reifrinn. Níor deimhníodh luach na n-aisíocaíochtaí go fóill ach meastar gurb ionann agus €20,000 iad. Nuair a fhaightear iad, tabharfar fáltais na n-aisíocaíochtaí don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, in éineacht le nóta, ina ndeimhneofar an t-olltoradh buiséid agus an laghdú, a chuirfear leis an tuarascáil seo.

Ar feadh an fheachtais eolais ar fad, thuig an Coimisiún Reifrinn go rímhaith go gcaithfeadh sé luach ar airgead a fháil agus a chinntiú go mbeadh an feachtas chomh héifeachtach agus ab fhéidir. Tá an Coimisiún sásta gur baineadh an dá chuspóir sin amach.

**Fíor 2.** Caiteachas ar fheachtas eolais an reifrinn

| | € |
|---|---:|
| **Táillí bainistithe an fheachtais** | **359,728** |
| **Taighde ar ábhar** | **27,737** |
| **Táirgeadh agus dáileadh na Treorach** | **484,772** |
| **Teilifís / closamhairc** | **570,548** |
| **Raidió** | **159,744** |
| **Fógraíocht faoin spéir** | **230,684** |
| **Na meáin chlóite** | **76,970** |
| **Na meáin ar líne** | **403,298** |
| **Riarachán agus costais eile** | **22,880** |
| **Caiteachas iomlán** | **2,336,361** |

## Soláthar

Rinne oifig an Ombudsman conarthaí íostarraingthe leis na soláthraithe seirbhíse seo a leanas i rith 2018:

- **Empirica Ltd.** (Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil le haghaidh forbairt sonraíochta chun seirbhísí a chur ar fáil don Choimisiún Reifrinn)
- **Murray** (caidreamh poiblí/seirbhísí cumarsáide)
- **BBDO** (Cruthaitheach agus Digiteach)
- **Mindshare** (pleanáil meáin/ceannach)
- **Colorman** (leabhráin a dhearadh, a phriontáil agus a dháileadh)

I gcomhréir leis na téarmaí sna conarthaí sin, d'aontaigh na páirtithe go gcuirfeadh síneadh ama leo go dtí earrach 2020.

Chuir an tAonad Seirbhísí Dlí de chuid Oifig an Ombudsman seirbhísí dlí, lena n-áirítear Abhcóide a fhostú, ar fáil don Choimisiún.

Chuir **Dept Agency** dearadh gréasáin (agus seirbhísí bainistíochta ábhar) ar fáil do shuíomh gréasáin an Choimisiúin Reifrinn agus sholáthair **Context** seirbhísí aistriúcháin.

## Buíochas

Ba mhaith leis an gCoimisiún aitheantas a thabhairt don fhoireann soláthraithe seirbhíse as a gcomhairle, cúnamh agus tacaíocht ag cuidiú leis an gCoimisiún a shainchúram a bhaint amach trína fheachtas eolais don phobal. D'éirigh leo le chéile feachtas tábhachtach eolais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don phobal, in ainneoin nach raibh acu ach fíorbheagán ama chun é sin a dhéanamh.

Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil leis an bpreas náisiúnta agus réigiúnach as an tacaíocht a thug siad agus tá buíochas ag gabháil leis na meáin chraolta freisin as an gcomhoibriú gníomhacha a rinne siad i gcomhar leis an gCoimisiún maidir le craoltaí saorchraolta a sholáthar.

Mar chomhairleoir margaíochta/cumarsáide don Choimisiún, bhí ról lárnach ag Murray maidir le comhairle a chur ar fáil don mhórstraitéis chumarsáide agus lena chinntiú gur cuireadh snáithe éagsúla an fheachtais i gcrích in am agus ar bhealach comhordaithe. Dhear Murray Creative treoir maidir leis an reifreann a bhí ar ardchaighdeán agus tarraingteach.

Rinne an ghníomhaireacht fógraíochta cruthaithí BBDO, an ghníomhaireacht ceannaigh meán Mindshare, na dearthóirí suíomh gréasáin Dept Agency, aistritheoirí Context agus na táirgeoirí leabhrán Colorman obair den chéad scoth faoi bhrú mór ama. Tá buíochas ar leith tuillte Nicola Hart ó Down Syndrome Ireland as an gcúnamh a thug sí chun an leagan Éasca le Léamh de Threoir an Choimisiúin a tháirgeadh do dhaoine faoi mhíchumas foghlama, agus do Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais as an obair a rinne siad ar an aistriúchán de threoir an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún buíoch chomh maith dá chomhairleoirí dlí, Abhcóidí Sinsearacha Niamh Hyland an tAbhcóide Sinsearach, Francis Kieran BL agus Madeleine Delaney, Comhairleoir Dlí d'Oifig an Ombudsman.

Tá an Coimisiún fíorbhuíoch go háirithe dá rúnaíocht, arna chur ar fáil ag Oifig an Ombudsman, as a chúnamh leis an bhfeachtas eolais don phobal a bhainistiú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bhfoireann Rebecca Coyle, Fergus Keegan agus Bernie Kelly agus le Sean Garvey go háirithe, a d'fheidhmigh mar Rúnaí an Choimisiúin. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le Elaine Cassidy, Ard-Stiúrthóir Oifig an Ombudsman (ag an am), as foireann agus áiseanna riachtanacha eile a chur ar fáil dúinn, agus le Liam Duffy, Ceannaire TFC, agus a fhoireann as a gcuid oibre ar chúrsaí teicneolaíochta agus an suíomh gréasáin. Tá an Coimisiún buíoch le hOifig an Ombudsman as an gcúnamh sin.

# Caibidil 5
Conclúidí agus moltaí

## An líon daoine a vótáil

Aontaíonn an Coimisiún reatha leis an tuairim ón gCoimisiún roimhe seo go spreagann sé vótálaithe le vótáil nuair a reáchtáiltear reifreann ar an lá céanna le toghchán murab ionann agus reifreann a reáchtáil as féin. Tá sé seo fíor go háirithe nuair nach bhfuil rannpháirtíocht nó díospóireacht shuntasach phoiblí faoi ábhar an reifrinn. Ba chóir reifrinn sa todhchaí nach meastar go mbeidh go leor díospóireachta ar siúl fúthu i measc an phobail a chur faoi bhráid na ndaoine ag an am céanna le toghchán, nó ag an am céanna a gcuirtear ábhar eile faoi bhráid na ndaoine.

## Eolas don Choimisiún

Sula rithfidh Tithe an Oireachtais reachtaíocht a chumasaíonn reifreann, reáchtálann Coimisiúin Reifrinn plé neamhfhoirmiúil go hinmheánach agus lena soláthraithe seirbhíse ar an mbealach is fearr chun an togra reifrinn ar leith atá á bhreithniú a mhíniú. Bheadh sé an-chabhrach do na Coimisiúin sa todhchaí dá gcuirfeadh an Roinn Rialtais a dhéanfaidh urraíocht ar thogra reifrinn ar leith an Coimisiún ar an eolas a luaithe is féidir faoi. Cé go bhféadfar na sonraí i mBille a chumasaíonn reifreann a athrú le linn dó a bheith ag dul trí Thithe an Oireachtais, thabharfadh léiriú luath ar an méid a mholtar go bhféadfaí réamhobair thábhachtach a dhéanamh maidir le hábhar faisnéise an Choimisiúin a ullmhú.

An uair seo, sa chuid luath dá chuid oibre, bhí an Coimisiún ag brath ar threoir ó thuairiscí sna meáin maidir le rún an Rialtais. Mar shampla, thionóil an Coimisiún cainteanna luatha gan a bheith soiléir maidir le cibé acu a raibh sé i gceist ag an Rialtas ionadú a dhéanamh ar an tréimhse ceithre bliana ba ghá a chaitheamh ag maireachtáil ar leithligh óna chéile sula bhféadfaí iarratas a dhéanamh ar cholscaradh le tréimhse dhá bhliain, nó a raibh sé chun an tréimhse ba ghá a chaitheamh ag maireachtáil ar leithligh óna chéile a bhaint ar fad ón mBunreacht. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh sé soiléir ar feadh tamaill a mbeadh i gceist leis an togra maidir le colscarthaí coigríche. Chabhródh sé le hobair an Choimisiúin dá dtabharfadh an roinn rialtais urraitheach gealltanas chun an Coimisiún a choinneáil ar an eolas faoi phleananna reatha, agus athruithe a d'fhéadfadh teacht ar an bplean.

## Am

D'iarr formhór na gCoimisiún Reifrinn roimhe seo go gceadófaí tuilleadh ama do Choimisiúin chun a gcuid oibre a dhéanamh. Ní féidir le Coimisiún ábhar faisnéise a thabhairt chun críche agus tús a chur leis an bpróiseas costasach, fadálach a bhaineann le 2.2 milliún treoirleabhar a phriontáil le dáileadh go dtí go bhfuil sé cinnte faoi fhoclaíocht bheacht thogra an reifrinn. Níor cheadaigh an tréimhse idir an reachtaíocht a rith trí Thithe an Oireachtais (11 Aibreán) agus an lá vótaíochta (24 Bealtaine) ach sé seachtaine chun ábhar faisnéise an Choimisiúin a thabhairt chun críche agus a dháileadh. D'iarraimis do Ranna Rialtais a dhéanfaidh urraíocht ar thograí reifrinn amach anseo a bheith airdeallach gur gá go leor ama a cheadú don Choimisiún chun a chinntiú go bhfuil an pobal feasach ar thogra an reifrinn agus go dtuigeann siad é.

Tá costas suntasach airgeadais ann freisin don tréimhse ghearr ama a tugadh don Choimisiúin Reifrinn chun an obair a dhéanamh. Is iondúil go gcaitheann coimisiúin thart ar €1 milliún ar spás fógraíochta a cheannach, lena n-áirítear fógraíocht teilifíse, raidió, nuachtán, fógraíocht ar líne agus fógraíocht amuigh faoin aer. Cuireann sé go mór leis an gcostas má chuirtear spás fógraíochta in áirithe go déanach agus i gcás na fógraíochta teilifíse – an meán is daoire – d'fhéadfadh sé go mbeadh an costas 25% níos airde má chuirtear in áirithe go déanach é.

## Fócasghrúpaí

Bhí an úsáid a baineadh as taighde grúpa fócais ar an ábhar i dtreoir neamhspleách an Choimisiúin an-luachmhar arís chun bonn eolais a chur faoin ábhar agus chun a chinntiú go raibh sé soiléir agus sothuigthe. Bhí sé seo fíor go háirithe i gcás inar cuireadh dhá chuid de thogra reifrinn faoi bhráid na ndaoine in aon vóta amháin. Chuirfeadh an Coimisiún comhairle ar Choimisiúin a bheidh ann amach anseo a chinntiú go gcuirfí dóthain ama ar fáil don taighde seo.

## An clár forlíontach vótála

Maidir le reifrinn a reáchtáladh le déanaí, d'úsáid an Coimisiún acmhainní suntasacha sa chuid luath dá fheachtas chun daoine a spreagadh chun an clár vótála a sheiceáil, agus mura bhfuil siad cláraithe, iad a spreagadh chun a n-ainm a chur leis an gclár forlíontach toghthóirí in am chun vótáil. I dtaca leis na reifrinn a reáchtáladh le déanaí tuairiscíonn údaráis áitiúla, a bhfuil gach ceann acu freagrach as clár na dtoghthóirí a thiomsú dá gceantar féin, go raibh tionchar suntasach ag an bhfeachtas seo.

Mar sin féin, faighimid aiseolas rialta ó dhaoine a roghnaíonn iad féin a chur leis an gclár forlíontach go gceapann siad go bhfuil an próiseas deacair agus fadálach. Ní mór foirm a íoslódáil nó a iarraidh tríd an bpost, í a chomhlánú, í a thabhairt chuig stáisiún na nGardaí chun aitheantas a dheimhniú, agus ansin í a phostáil chuig an oifig údaráis áitiúil. Ceapann vótálaithe níos óige go háirithe go bhfuil an próiseas seo an-sean-aimseartha agus ní maith leo é. Tuigeann an Coimisiún go bhfuil sé indéanta anois, i roinnt tíortha eile, mar shampla, sa Ríocht Aontaithe, clárú ar líne chun vótáil agus i gcásanna eile, tá córais uathoibríocha chlárúcháin vótálaithe ann. Molaimid go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóras clárúcháin vótálaithe anseo d'fhonn é a nuachóiriú.

## An Coimisiún Toghcháin

D'iarr coimisiúin roimhe seo freisin go dtabharfaí aitheantas dlíthiúil leanúnach don Choimisiún Reifrinn. Chuir an Coimisiún ar an reifreann maidir leis an diamhasla aighneacht faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi chomhairliúchán poiblí na Roinne maidir le coimisiún buan toghcháin a bhunú inar thacaigh sé le coimisiún den sórt sin a bhunú (féach Aguisín 1). Tacaíonn an Coimisiún Reifrinn reatha leis an seasamh a ghlac a réamhtheachtaí agus ba mhaith leis go mbeadh ról leanúnach ag coimisiún buan toghcháin maidir le vótálaithe a chlárú agus oideachas go háirithe. Ón taobh sin de, cuireann an Coimisiún fáilte roimh fhógairt an Rialtais le déanaí go bhfuil Coimisiún Toghcháin le bunú ar bhonn reachtúil.

# Aguisín 1

Mhol Comhchoiste an Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus an Ghaeltacht gur cheart Coimisiún buan Toghcháin a bhunú a dhéanfadh, i dteannta le feidhmeanna toghcháin eile, na feidhmeanna a dhéanann an Coimisiún Reifrinn faoi láthair. Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le bunú féideartha Coimisiún den sórt sin agus, mar chuid den phróiseas sin, chríochnaigh sé Anailís Tionchair Rialála (ATR) ar mholadh an Chomhchoiste inar leag sé amach réimse roghanna maidir le meicníochtaí a bhainfeadh le Choimisiún buan Toghcháin a bhunú. Chuir an Coimisiún Reifrinn aighneacht* faoi bhráid na Roinne inar thacaigh sé le ceann de na roghanna molta atá leagtha amach in ATR. Tá téacs na haighneachta sin le feiceáil thíos.

**Achoimre ar Anailís Tionchair Rialála ar na feidhmeanna Beartaithe don Choimisiún Toghcháin**

A chara,

Tagraím don mhéid thuas a réitigh an Roinn.

Ina dtuarascálacha ar na reifrinn, mholl Coimisiúin Reifrinn roimhe seo go mbunófaí Coimisiún Toghcháin chun na feidhmeanna toghchánaíochta éagsúla a chomhdhlúthú, lena n-áirítear iad siúd atá ag an gCoimisiún Reifrinn. I bhfianaise an mhéid sin, fáiltíonn an Coimisiún Reifrinn (an Coimisiún) roimh mholadh Chomhchoiste an Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus an Ghaeltacht go mbunófaí Coimisiún Toghcháin.

Maidir leis an gcaoi is fearr le Coimisiún Toghcháin a bhunú, tá breith déanta ag an gCoimisiún ar an Anailís Tionchair Rialála agus roghnaíodh Rogha 3 a leagtar amach ann – i.e. an Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus líon teoranta feidhmeanna a shannadh dó i dtosach, agus go sannfaí tuilleadh feidhmeanna dó in imeacht ama. Leagtar amach réasúnaíocht an Choimisiúin maidir leis an seasamh seo thíos.

Faoi láthair, riarann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPOC) feidhmeanna monatóireachta agus tuairiscithe ar chaiteachas agus tabhartais pholaitiúla. I dtuairim an Choimisiúin Reifrinn, bheadh sé éifeachtach ó thaobh riaracháin de feidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn agus feidhmeanna sin SIPOC a shannadh do Choimisiún Toghcháin ag an tús, mar gheall go riarann foireann na heagraíochta céanna (Oifig an Ombudsman) SIPOC agus an Coimisiún faoi láthair. Dá mbeidís mar chuid den eagraíocht chéanna, bheadh deis ann déileáil go héifeachtach le haon cheisteanna foirne a thiocfadh aníos mar gheall ar an sannadh sin.

* Is i mBéarla amháin a rinneadh an aighneacht. Is aistriúchán ar an aighneacht an téacs sin thuas.

D’fhéadfadh na feidhmeanna toghcháin a riarann an Roinn agus Tithe an Oireachtais faoi láthair a bheith sa chéad tráinse eile feidhmeanna a d’fhéadfaí a shannadh chuig Coimisiún Toghcháin. Níl na feidhmeanna eile a shainaithnítear san Anailís Tionchair Rialála á riaradh go hoifigiúil faoi láthair nó is feidhmeanna iad nach bhfuil soiléireacht iomlán ina dtaobh. Ba cheart na feidhmeanna sin a shannadh nuair a bheidh gá leis. De bharr an chur chuige de réir a chéile sin, d’fhéadfaí aon cheisteanna maidir le cónascadh na bhfeidhmeanna seo atá á riaradh faoi láthair ag comhlachtaí poiblí reatha a shocrú síos sula nglacfaí le feidhmeanna nach bhfuil forbartha go fóill nó nach bhfuil soiléir.

I measc na bhfeidhmeanna a dhéanann an Coimisiún faoi láthair tá daoine a spreagadh le clárú le vótáil i reifrinn, agus ansin teacht amach ag vótáil. Mar gheall go mbunaítear Coimisiúin Reifrinn faoi láthair mar aonáin ar leithligh de réir mar a ghairtear reifrinn, feidhmíonn siad ar bhonn ad hoc. Dá bharr sin, déantar na feidhmeanna ar a ndéantar cur síos orthu thuas go tréimhsiúil. Ghair Coimisiúin roimhe seo i roinnt dá dtuarascálacha go rachfaí i ngleic leis seo trí stádas dlíthiúil buan a thabhairt don Choimisiún Reifrinn. Mar gheall go mbeadh Coimisiún Toghcháin buan, d’fhéadfadh sé na feidhmeanna thuas a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

Ba mhaith leis an gCoimisiún freisin trácht a dhéanamh ar an tagairt do chostais tuarastail Coimisiún Reifrinn mar a leagtar amach i Mír 4.3 den Anailís Tionchair Rialála. Meastar na costais sin ag €700,000 agus áirítear ansin tuarastail agus forchostais do Rúnaíocht an Choimisiúin. Tuigeann an Coimisiún go bhfuil an meastachán sin bunaithe ar chionroinnt costas, lena n-áirítear tuarastail cuid den fhoireann tacaíochta, agus gur cuireadh i láthair é chun léiriú a thabhairt ar chostas na feidhme. Is cosúil go nglactar leis san Anailís Tionchair Rialála go sábhálfaí / nó go bhféadfadh sé go sábhálfaí an tsuim sin dá n-aistreofaí na feidhmeanna agus an fhoireann atá fostaithe go díreach. Ní hamhlaidh an cás. Dá réir sin, tá an Coimisiún den tuairim go dtugtar rómheastachán suntasach san fhigiúr €700k ar an gcoigilteas a d’fhéadfaí a bhaint amach. Is faoi Oifig an Ombudsman sonraí a thabhairt maidir le costais tuarastail fhoireann na Rúnaíochta a chuireann sí ar fáil don Choimisiún agus do SIPOC, agus aon choigiltis a bhainfí amach tríd an bhfoireann a athshannadh.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an deis seo chun tuilleadh rannpháirtíochta a dhéanamh leis an gComhchoiste.

Le dea-mhéin,

**Sean Garvey**
Rúnaí leis an gCoimisiún Reifrinn

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission